

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh
Cosanta, 2014, don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an
31 Nollaig 2022

Cúlra

Foráiltear leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, do chosaint d'fhostaithe ar dhífhostú nó ar aimhleas eile mar gheall ar ábhar imní maidir le héagóiritheacht fhéideartha a tháinig ar a n-aird san áit oibre a tharraingt anuas de mheon macánta. Leagtar amach san Acht roinnt dóigheanna a bhféadfar nochtaí a dhéanamh – mar shampla, d'fhostóir duine agus, in imthosca iomchuí, do dhuine 'forordaithe' seachtrach.

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí (faoi alt 22 d'Acht 2014) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagfar amach an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus cén gníomh a rinneadh ina leith (má rinneadh aon gníomh). Is gá nach é an toradh a bheidh ar an tuarascáil sin go mbeifear in ann daoine atá ag déanamh nochtaí a shainaitheint.

Cumhdaítear leis an tuarascáil seo faoi alt 22 den Acht an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022.

Nochtaí cosanta a fuarthas faoi Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste sa bhliain 2022

Fuarthas nochtadh amháin sa bhliain 2022 (2021: nialas) i ndáil le héagóiritheacht líomhnaithe a rinne ball foirne d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. D'athbhreithnigh ball foirne sinsearach an ní tuairiscithe de réir an nós imeachta a leagtar amach sa bheartas 'Labhairt Amach' de chuid na hOifige, atá ar fáil [anseo](#).

Nochtaí cosanta a fuair an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe sa bhliain 2022

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta (Ionstraim Reachtúil Uimh. 339 de 2014). Fágann sé sin go bhféadfaidh oibrithe nochtaí a dhéanamh d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi ábhair imní atá acu, ag teacht sna sála ar fhaisnéis a gnóthaíodh i gcúrsa a bhfostaíochta, a bhaineann le mí-úsáid cistí poiblí nó mí-úsáid acmhainní poiblí, nó a bhaineann le luach ar airgead i ndáil le heintitis a thagann faoi shainchúram an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Ainmnítear an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste in alt 17 d'Acht 2014 freisin mar dhuine seachtrach ar cheart nochtaí cosanta ina gcuimsítear faisnéis i dtaobh cáiníocóirí a dhéanamh dó.

Maidir le haon nochtaí arna bhfáil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar dhuine forordaithe, ní fhéadfar iad a imscrúdú agus tuairisc a thabhairt orthu ach amháin ar bhealach atá comhsheasmhach le ról, cearta reachtúla agus dualgais na hOifige, agus atá oiriúnach dóibh sin, i.e.

- mar chuid d'iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais bhliantúla a thagann faoina shainchúram
- trí chigireacht arna déanamh faoi fhorálacha alt 8 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó
- trí scrúdú arna dhéanamh faoi alt 9 d'Acht 1993.

Níl de chumhacht ghinearálta ná leithleach ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chun nochtaí arna bhfáil a imscrúdú agus/nó chun tuairisc a thabhairt ar cibé nithe atá ar leithligh ó na feidhmeanna sin.

Sa bhliain 2022, tugadh 13 thuairisc d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar éagóiritheacht líomhnaithe ar luadh gur tháinig sí ar aird na dtuairisceoirí i gcúrsa a bhfostaíochta agus a bhain le comhlachtaí a tháinig faoi shainchúram an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (2021: 14 chás).

Ba ar bhonn anaithnid a rinneadh cúig gcinn de na tuairiscí a fuarthas sa bhliain 2022 (2021: seacht gcás).

I ngach ceann de na 13 chás, tarchuireadh na nithe a tuairiscíodh don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chuig an bhfoireann iniúcháireachta iomchuí lena gcur san áireamh, de réir mar is cuí, le linn obair iniúcháireachta ina dhiaidh sin a phleanáil i ndáil leis an gcomhlacht iomchuí/na comhlachtaí iomchuí.

Nósanna Imeachta um Nochtadh

Is ar fáil [anseo](#) atá tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun a chumasú go bhféadfar nochtaí a dhéanamh d'Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus faoin dóig a láimhseáiltear nochtaí den sórt sin.

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste 1 Márta 2023